

# COVID-19 – Seicliosta Dea-chleachtais

## Ag Filleadh ar an Oifig

Ullmhaíodh na seicliostaí seo chun cabhrú le fostóirí, úinéirí gnó agus bainisteoirí a ngnó a chur faoi lán seoil arís ar bhealach a chabhróidh le scaipeadh COVID-19 a chosc. Cabhróidh an seicliosta ‘Ag Filleadh ar an Oifig’ leat ullmhú d’fhilleadh na n-oibríthe ar an oifig agus feidhmiú sábháilte leanúnach na hoifige. Tá tuilleadh eolais ar [gov.ie](http://gov.ie), [hse.ie](http://hse.ie), [hpsc.ie](http://hpsc.ie) agus [hsa.ie](http://hsa.ie).

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
	<b>Ag ullmhú d’athoscailt na hoifige: Foirgneamh na hoifige</b>			
1	An bhfuil athbhreithniú agus nuashonrú déanta ar do ráiteas sábháilteachta? An bhfuil athbhreithniú déanta ar na measúnuithe riosca reatha chun modhanna nua oibre a chur san áireamh, lena n-áirítear bearta rialaithe nua nó nuashonraithe, nuair is gá? An bhfuiltear fós ag cloí le reachtaíocht sábháilteachta, sláinte agus leasa, sábháilteacht dóiteáin, rialacháin foirgníochta agus rialacháin sábháilteachta bia?			
2	An bhfuil athbhreithniú déanta ar do Phlean Freagartha COVID-19, agus an bhfuil leasú déanta air de réir na comhairle Sláinte Poiblí nuashonraithe agus an Phrótacail Idirthréimhsigh? Féach ar an Teimpléad do Phlean Freagartha COVID-19.			
3	An bhfuil a fhios agat gur féidir leat a chinneadh leanúint le cuid de na cleachtais nó na socruithe a bhí i bhfeidhm bunaithe ar an bPrótacal um Oibriú go Sábháilte le haghaidh na tréimhse aistríthe ar ais chuig obair san oifig, m.sh. na bearta scartha fhisiciúil?			
4	Má bheartaítear cruinnithe, imeachtaí nó oiliúint a reáchtáil, an bhfuil béim leanúnach fós ar bhéasa lámh agus riospráide agus ar aeráil leordhóthanach?			
5	An bhfuiltear i mbun glantacháin go rialta? An bhfuil córas i bhfeidhm chun glantachán cuimsitheach agus rialta a dhéanamh ar dhromchlaí a leagtar lámh orthu go minic, m.sh. murláin dorais, meaisíní caife, meaisíní díola, cnaipí ar ghléasanna fótachóipeála, córas idirchumarsáide, srl.? Tabhair faoi deara: Má theastaíonn díghalrú, caithfear é a dhéanamh chomh maith leis an nglantachán, agus ní in áit an ghlantacháin riamh. Féach ar anSeicliosta faoi Ghlantachán agus Díghalrú ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.			
6	An bhfuil díghalrán lámh ar fáil ag na bealaí isteach/amach fós, agus an bhfuiltear á sheiceáil agus á athlíonadh nuair is gá? Tabhair faoi deara: Má úsáidtear díghalrán lámh alcóil, caithfidh cion alcóil 60% ar a laghad a bheith ann, agus caithfear é a stóráil go sábháilte.			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
7	An bhfuil bearta cuí i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil an t-ionad oibre á aeráil? Tá treoir bhreise sa Seicliosta faoi Ghlantachán agus Díghalrú ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.			
8	An bhfuil na córais aerála agus astarraingthe á nglanadh agus á gcothabháil sula n-athosclaíonn an oifig agus ag eatraimh rialta? An bhfuil bearta i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil siad in úsáid i gceart?			
9	An bhfuil póstaer COVID-19 ar taispeáint i bpríomhlimistéir an ionaid oibre, m.sh. na bealaí isteach/amach, an bhialann, an gnáthlimistéar oifige, agus ar chláir fógraí na foirne? Tá liosta de phóstaer agus acmhainní físeáin ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte/Lárionad Faire um Chosaint Sláinte agus ó gov.ie ar fáil ar hsa.ie/covid19, lena n-áirítear cinn ar shláinteachas lámh, scaradh fisiciúil, béasa riospráide agus aeráil. Tá acmhainní COVID-19 a aistríodh ar fáil ó hse.ie agus hsa.ie.			
<b>Ag ullmhú d'athoscailt na hoifige: Oibríthe</b>				
10	An bhfuil córas i bhfeidhm agat chun coinneáil ar an eolas faoin gcomhairle is deireanaí ón Rialtas faoi COVID-19 agus chun an chomhairle sin a chur in iúl do na hoibríthe?			
11	An bhfuil seisiún ionduchtaithe/eolais faoi bhearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe (IPC) COVID-19 curtha ar fáil do na hoibríthe?			
12	Mura bhfuil duine/daoine in ann fillleadh ar an ionad oibre mar gheall ar COVID-19, an bhfuil athbhreithniú déanta agat ar an Treoir Eatramhach le haghaidh Oibríthe maidir le hInniúlacht chun Oibre i ndiaidh Asláithreachta de bharr COVID-19, agus an bhfuil machnamh déanta agat ar bhearta malartacha féideartha don duine/do na daoine sin? An bhfuil tú tar éis iad a chur ar an eolas faoin Treoir le haghaidh Oibríthe maidir le hInniúlacht chun Oibre?			
13	An bhfuil Príomh-Ionadaí Oibríthe/Príomh-Ionadaithe Oibríthe ceaptha agus an bhfuil a sonraí tugtha agat do na hoibríthe, lena n-áirítear sonraí faoina ról?			
14	An bhfuil Seicliosta, an cúrsa ar líne agus an póstaer do na Príomh-Ionadaithe Oibríthe ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta tugtha don Phríomh-Ionadaí Oibríthe/ do na Príomh-Ionadaithe Oibríthe chun cabhrú lena ról? Tá na hacmhainní sin ar fáil saor in aisce ar hsa.ie/covid19.			
15	An bhfuil córais tacaíochta i bhfeidhm do na hoibríthe? An bhfuil a fhios acu cá bhfaighidís eolas faoi shláinte agus folláine a bhainistiú i rith COVID-19 m.sh. podchraoltaí agus físeáin HSA?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
16	An bhfuil córas i bhfeidhm chun eolas tinrimh a choinneáil? Tabhair faoi deara: Cé gur cuireadh deireadh leis an ngá atá le log teagmhála a choinneáil ina bhfuil sonraí oibríthe agus cuairteoirí san ionad oibre, d'fhéadfadh go mbeadh ort eolas tinrimh a chur ar fáil, de réir mar is cuí, sa chás go mbeadh ar an Roinn Sláinte Poiblí áitiúil ráig a fhiosrú.			
	<b>Mearthástáil Dhiagnóiseach Antaigine (RADT)</b>			
17	Má tá tú ag cuimhneamh ar chlár RADT le haghaidh d'ionaid oibre, an bhfuil tú tar éis dul i gcomhairle leis na hoibríthe agus lena n-ionadaithe? Is féidir é sin a dhéanamh mar chuid de chur i bhfeidhm Phlean Freagartha COVID-19 agus ba cheart go mbeadh an Príomh-Ionadaí Oibríthe/na Príomh-Ionadaithe Oibríthe agus an tIonadaí Sábháilteachta/na hIonadaithe Sábháilteachta páirteach ann. Tabhair faoi deara: Is faoi na hoibríthe a chinneadh páirt a ghlacadh in RADT agus ní gá dóibh a bheith páirteach ann murar mian leo é.			
18	Má tá réim Mearthástála Diagnóisí Antaigine á bunú don oifig, an bhfuil athbhreithniú déanta agat ar na bearta a phléitear sa Phrótacal Idirthréimhseach (Cuid C10)?  An bhfuil measúnú riosca i scríbhinn curtha i gcrích agat le haghaidh na gníomhaíochta nua oibre seo, agus rioscaí sonracha? An bhfuil na moltaí Sláinte Poiblí agus treoracha úsáide an déantúsóra curtha san áireamh agat?  Féach ar shuíomh gréasáin an Údaráis Rialála Táirgí Sláinte agus ar Sheicliosta HSA faoi RADT.  Tabhair faoi deara: Fiú má thugtar faoi RADT, caithfear fós cloí go hiomlán le bearta coisc agus rialaithe ionfhabhtuithe eile, ar nós glanadh lámh, maisc/clúdaigh a chaitheamh, béasa riospráide agus aeráil.			
	<b>Ag obair san oifig:</b>			
19	An bhfuil eolas agus comhairle tugtha agat do na hoibríthe faoi shláinteachas lámh, béasa riospráide agus an tábhacht a bhaineann le haeráil mhaith?			
20	Má tá deasca sealáíochta in úsáid, an bhfuil ábhair ghlantacháin oiriúnacha ar fáil do na hoibríthe chun an spás a ghlanadh sula n-úsáidtear é agus ina dhiaidh?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
21	An bhfuil bearta i bhfeidhm chun cabhrú le hoibrithe ag a bhfuil riachtanais bhreise cloí le nósanna imeachta an ionaid oibre, m.sh. uirlisí cumarsáide ar nós comharthaí nó fógraí atá soiléir agus sothuigthe chun teachtaireachtaí sláinte agus sábháilteachta a chur in iúl?			
22	An bhfuil na hoibrithe in ann oibriú go compordach sa spás oibre aeráilte? Tabhair faoi deara: Níor cheart gaothráin deisce ná síleála a úsáid i limistéir ina bhfuil an aeráil go dona toisc go bhféadfaidís na braoiníní víris a athshruthú. Níor cheart gaothráin a úsáid ach i limistéir ina mbíonn duine amháin.			
23	An bhfuil ábhair ghlantacháin ar nós ceirtíní tugtha do na hoibrithe, chomh maith le boscaí/málaí bruscair? An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a dtrealamh oibre pearsanta féin a ghlanadh, m.sh. gutháin deisce, agus gan gutháin, pinn ná earraí eile a roinnt lena gcomhghleacaithe?			
24	I gcás cruinnithe, imeachtaí nó oiliúna, an bhfuil béasa lámh agus riospráide agus aeráil leordhóthanach i bhfeidhm?			
<b>Nósanna imeachta leithlisithe:</b>				
25	An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile ón obair má bhíonn comharthaí agus siomptóim COVID-19 orthu, féin-leithlisiú, agus tástáil a dhéanamh?			
26	An bhfuil tú tar éis a rá le hoibrithe go gcaithfidh siad fanacht sa bhaile ón obair má bhíonn toradh dearfach ar thástáil COVID-19 acu, agus cloí leis an gcomhairle Sláinte Poiblí i dtaobh a dtoraidh tástála (idir PCR agus antaigin)?			
27	An bhfuil na hoibrithe ar an eolas faoi na nósanna imeachta atá le glacadh má thagann comharthaí nó siomptóim COVID-19 orthu ag an obair?			
28	An bhfuil limistéar/limistéir leithlisithe sainaitheanta agus comharthaí in airde dóibh roimh ré, chun dul i ngleic le cás(anna) amhrasta COVID-19 san oifig? An bhfuil bainisteoir agus foireann freagartha COVID-19 ar fáil chun dul i ngleic le cásanna dá leithéid? Féach ar chuid C4. den Phrótocal Idirthréimhseach.			
29	An bhfuil an limistéar/na limistéir leithlisithe ainmnithe scartha amach ón bpríomhoifig, agus taobh thiar de dhoras dúnta? Murar féidir doras a dhúnadh, an bhfuil an limistéar ainmnithe scartha amach ó oibrithe agus ó dhaoine eile?			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
30	An bhfuil fuinneog sa limistéar/sna limistéir leithlisithe is féidir a oscailt don aeráil? An bhfuil na hearraí riachtanacha ar fáil ann, m.sh. trealamh cosanta pearsanta (PPE), maisc leighis nó anáilaitheora, ciarsúir pháipéir, díghalrán lámh, díghalrán agus/nó ceirtíní, boscaí/málaí bruscair?			
31	An bhfuil córas i bhfeidhm chun dramhaíl a dhiúscairt, go háirithe dramhaíl atá éillithe nó a cheaptar atá éillithe ag COVID-19? Féach ar anSeicliosta faoi Ghlantachán agus Díghalrú ón Údarás Sláinte agus Sábháilteachta.			
	<b>Saoráidí bialainne agus leasa:</b>			
32	An bhfuil dromchlaí a leagtar lámh orthu go minic á nglanadh go cuimsitheach agus go rialta, m.sh. murláin dorais, doras cuisneora, citeal, sconnaí, srl.?			
33	An bhfuil sé ráite leis na hoibrithe gan scanra, cupáin, bia, deochanna, srl., a roinnt lena chéile?			
34	An bhfuil saoráidí leithris agus glanta lámh á nglanadh go rialta, an bhfuil tuáillí páipéir ar fáil, agus an bhfuil córas i bhfeidhm chun stoic a sheiceáil agus a athlónadh de réir mar is gá?			
	<b>Ag taisteal chuig an/ón obair agus le haghaidh na hoibre:</b>			
35	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe a thaistealaíonn chuig an obair agus ón obair ar iompar poiblí go gcaithfidh siad masc/clúdach aghaidhe a chaitheamh agus a lámha a níochán le gallúnach agus uisce nó díghalrán lámh roimh dhul ar iompar poiblí agus ina dhiaidh?			
36	Má tá a gcarr pearsanta in úsáid don obair, an bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe gur cheart dóibh cuimhneamh ar mhasc/chlúdach aghaidhe a chaitheamh? An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe fuinneoga a oscailt cuid den bhealach ar dhá thaobh an chairr chun an aeráil a fheabhsú, agus gan na córais aerála a shocrú ar athshruthú aeir, a d'fhéadfadh an víreas a scaipeadh?			
37	Nuair atá oibrithe oifige ag taisteal le haghaidh na hoibre, an bhfuil ábhair ghlantacháin tugtha dóibh (m.sh. ceirtíní, díghalrán lámh) chun a lámha agus an fheithicil a ghlanadh, go háirithe na dromchlaí a leagtar lámh orthu go minic, sula n-úsáidtear an fheithicil agus ina dhiaidh?			
38	An bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe gur cheart dóibh a lámha a níochán nó díghalrán lámh a úsáid sula dtagann siad isteach san oifig agus sula bhfágann siad í.			

Uimh.	Bearta Rialaithe	✓Tá	✓Níl	Gníomh a theastaíonn
39	Sa chás go bhfuil taisteal thar lear chun críche oibre ar bun, an bhfuil tú ag seiceáil gov.ie go rialta le haghaidh eolas nuashonraithe faoi shrianta agus riachtanais taistil, agus an bhfuil tú tar éis a rá leis na hoibrithe go gcaithfidh siadsan a dhéanamh amhlaidh?			
<b>Cuairteoirí agus conraitheoirí san oifig:</b>				
40	An bhfuil bearta i bhfeidhm le haghaidh cuairteoirí nó conraitheoirí san oifig?			
41	Má theastaíonn obair chothabhála riachtanach, an bhféadfaí é sin a dhéanamh taobh amuigh de na huaireanta oifige, chun teagmháil le hoibrithe eile a laghdú a oiread agus is féidir?			
42	An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar eolas tinrimh a choinneáil ar fhaitíos go dteastódh na sonraí sin ón Roinn Sláinte Poiblí i gcás ráige, agus an bhfuil sé sin curtha in iúl do chuireoirí/chonraitheoirí?			
<b>Eile:</b>				
43	An bhfuil tú tar éis cuimhneamh ar cheanglais agus comhairle GDPR ón gCoimisiún um Chosaint Sonraí maidir le Cosaint Sonraí agus COVID-19? An bhfuil tú ag cloí leis an gcomhairle sin?			
<b>Eolas Breise</b>				

Ainm: \_\_\_\_\_ Síniú: \_\_\_\_\_ Dáta: \_\_\_\_\_

Is chun críche treorach amháin an t-eolas atá sa seicliosta seo, agus níl sé cuimsitheach. Níl sé ceaptha comhairle dhlí a chur ort, agus nior cheart duit brath ar an eolas mar chomhairle dá leithéid. Ní thugaimid aon bharánta sainráite ná intuigthe i leith chruinneas nó iomláine an eolais. Ní bheidh an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta faoi dhliteanas ar aon bhealach ná go feadh méid ar bith i leith aon damáistí, cailleanais ná costais dhíreacha, indíreacha, speisialta, theagmhasacha nó iarmhartacha a eascraíonn as úsáid an tseicliosta seo.